CUMANN CÓGAISEOIRÍ NA hÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

PSI
THE PHARMACEUTICAL SOCIETY OF IRELAND
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
THE PHARMACY REGULATOR

RÉAMHFHOCAL

Cuirtear an tuarascáil bhliantúil seo faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí An tUas. Mary Harney TD, de réir Sceideal 1, Alt 17 (1) den Acht Cógaisíochta 2007. Rinne an reachtaíocht nua an tseanreachtaíocht a dhíshaoileadh, agus bunaíodh léi Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI).
Mar sin, tá cuntais airgeadais na bliana ina ndá chuid: 1ú Eanáir go 22ú Bealtaine nuair a bhí an eagraíocht ag feidhmiú faoin seanchóras, agus 22ú Bealtaine go 31ú Nollaig maidir leis an tréimhse i ndiaidh don PSI nua a bhunú. Bhuail an Chomhairle nua den chéad uair ar 12 Meitheamh 2007, agus le linn na míonna ina dhiaidh ceapadh roinnt Coistí le tacú agus cabhrú leis an bhfeidhmeannacht leis an Acht Cógaisíochta nua a chur i bhfeidhm.

CUMANN CÓGAISEOIRÍ NA HÉIREANN

Is é Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) an comhlacht reachtúil do chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn. Feidhmíonn sé ar mhaithe le leas an phobail leis an ngairm a rialú.

Téann na hAchtanna a rialaíonn cógaisíocht siar go dtí 1875, is é an ceann is deireanaí ná an tAcht Cógaisíochta 2007. Ina theannta, bronntar cumhachtaí ar an gComhairle faoi reachtaíocht um Mí-Úsáid Drugaí, reachtaíocht um Tháirgí Íocshláinte, an reachtaíocht um Leigheasanna Ainmhithe, an tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann agus reachtaíocht na hEorpa.

AN tSEANCHOMHAIRLE PSI
(1ú Eanáir 2007 go 22ú Bealtaine 2007)

Bhí an Chomhairle comhdhéanta d'Oifigigh na Comhairle (Uachtarán, Leasuachtarán agus Cisteoir Onórach) agus 18 ball Comhairle eile mar seo a leanas:

Uachtarán:	An tUas. Rónan Quirke
Leasuachtarán:	An tUas. Kate Mulvenna
Cisteoir:	An tUas. Orlaith Brennan
Baill Chomhairle:	An tUas. Mark Beddis
	An Dr. William Boles
	An tUas. Mary Rose Burke
	An tUas. Cormac Deasy
	An tUas. Paul Fahey
	An Dr. Ann Frankish
	An tUas. Paul Gallagher
	An tUas. Brendan Glennon
	An tUas. Noeleen Harvey
	An tUas. Brendan Hayes
	An tUas. Marie Hogan
	An tUas. Brendan Kieran
	An Dr. Bernard Leddy
	An tUas. Ciaran Meegan
	An tUas. Anne Nolan
	An tUas. Darragh O' Loughlin
	An tUas. Katherine Pettit
	An tOll. Peter Weedle

COMHAIRLE PSI
(22ú Bealtaine 2007 go 31ú Nollaig 2007)

Bhí an Chomhairle comhdhéanta d'Oifigigh thofa na Comhairle Uachtarán agus Leasuachtarán) agus 19 ball Comhairle eile mar seo a leanas:

Uachtarán:	*An tUas. Brendan Hayes
Leasuachtarán:	*An Dr. Bernard Leddy
Baill Chomhairle:	*An Dr. William Boles
	*An tUas. Cormac Deasy
	*An tUas. Paul Fahey
	*An tUas. Noeleen Harvey
	*An tUas. Darragh O' Loughlin
	*An tUas. Rónan Quirke
	*An tOll. Peter Weedle
	An tUas. Richard Durkin**
	An tUas. Colm Fagan**
	An tUas. Cathriona Hallahan**
	An tUas. Ita Kelleher**
	An tUas. Deirdre Larkin**
	An tUas. Michelle Ní Longáin**
	An tUas. Phil O'Neill**
	Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána. Nóirín O'Sullivan**
	An tOll. John Feely (HSE Nominee)**
	An Dr. Paul Gallagher (Ainmní na Scoileanna Cógaisíochta)**
	An tOll. June Nunn (CPD maidir le cógaisíocht)**
	An tUas. Rita Purcell (Ainmní Bhord Leigheasra na hÉireann)**

*Cógaiseoirí (ainmnithe na Seanchomhairle PSI)
**Ainmnithe an Aire de réir a10(3) den Acht Cógaisíochta 2007

COISTE FOTHACAIR NA COMHAIRLE - COISTE CATHAOIR CATHAOIREACHA

Bhunaigh Comhairle an PSI an Coiste Cathaoir Cathaoireacha atá comhdhéanta de Chathaoireacha na gCoistí Comhairle agus an bhainistíocht. Is é an fáth leis sin ná cinntiú go n-úsáidtear an cur chuige is éifeachtaí agus táirgiúlaí le gnó go leir na Comhairle agus na gCoistí a shruthlíniú agus leis an sineirgeachas idir na Coistí a bharrfheabhsú:
Seo a leanas a chuid ball:

An tUas. Cathriona Hallahan	Cathaoirleach
An tOll. Peter Weedle	Cathaoirleach an Choiste um Chlárúchán agus Aitheantas Cáilíochta
An Dr. Paul Gallagher	Cathaoirleach an Choiste um Forbairt Ghairmiúil agus Foghlaim
An tUas. Colm Fagan	Cathaoirleach an Choiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach
An tUas. Rónan Quirke	Cathaoirleach an Choiste Caighdeán agus Cleachtais
Coim. Cúnta an Gharda Síochána Nóirín Ó'Sullivan	Cathaoirleach an ChoisteCigireachta agus Forfheidhmiúcháin
An tUas. Brendan Hayes	Uachtarán na Comhairle
Dr. Bernard Leddy	Leasuachtarán na Comhairle
An Dr. Ambrose McLoughlin	Cláraitheoir
An tUas. Marita Kinsella	Ceann Gnóthaí Dlí
An tUas. John Bryan	Tacaíocht Fheidhmiúcháin don Choiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin
An tUas. Lorraine Horgan	Tacaíocht Fheidhmiúcháin don Choiste um Forbairt Ghairmiúil agus Foghlaim agus don Choiste um Chlárúchán agus Aitheantas Cáilíochtaí
An tUas. Sinead O'Keefe	Tacaíocht Fheidhmiúcháin don Choiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach
An tUas. Damhnait Gaughan	Tacaíocht Fheidhmiúcháin don Choiste Caighdeán agus Cleachtas

COISTE INIÚCTHA

D'fhaomh an Chomhairle Coiste Iniúctha nua ag a cruinniú ar 11ú Nollaig 2007. Seo a leanas a chuid ball:

An Dr. John Hillery (Cathaoirleach)	Iar Uachtarán, Comhairle Liachta na hÉireann
An tUas. Tom McGuinn	Príomhchomhairleoir Cógaisíochta, An Roinn Sláinte agus Leanaí
An tUas. Aidan Horan	Stiúrthóir, Oiliúint, Seirbhísí Forbartha & Comhairliúcháin, IPA
An tUas. Raymond Dolan	Stiúrthóir, Feidhmiúcháin Chorparáideacha, bia
An tUas. Kate Mulvenna	slán PCCC, Comhairleoir Cógaisíochta, FSS
An tUas. Michelle Ní Longáin	Comhpháirtí, BCM Hanby Wallace Ball Comhairle PSI

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA

Oifig an Chláraitheora

Cláraitheoir (PFF)	An Dr. Ambrose McLoughlin BDS, MBA
Oifigeach Forbartha Beartais	An Dr. Cheryl Stokes
Cúntóir Feidhmiúcháin don Chláraitheoir agus Uachtarán Comhairle	An Dr. Deirdre Bryan
Gearáin	An tUas. Susan Payne BA, HDip

Gnóthaí Dlí

Ceann Gnóthaí Dlí	Ms. Marita Kinsella MPSI, BL
Feidmheannacht Forfheidmhiúcháin don Acht Cógaisíochta	An tUas. Jan Ní Fhlanagáin BA

Oideachas agus Clárúchán

Oifigeach Oideachais agus Clárucháin	An tUas. Lorraine Horgan BSc MEconSc

Feidhmeannachtaí Oideachais agus Clárúchain

Cláruchán EU, Coimeád an Chláir agus Tuarascálacha Creidiúnaithe	An tUas.Goretti Warde
Clárúchán Náisiúnta & RA Réamhchlárúchán agus Tuarascálacha Creidiúnaithe	An tUas.Ciara Dooley BSc
Clárúchán Neamh-AE, Réamhchlárúchán agus Teicneoirí Cógaslainne	An tUas. Emma Pierce
Clárúchán Cógaslann agus Tuarascálacha Creidiúnaithe	An tUas. Susan Payne BA, HDip

Caighdeáin agus Cleachtas	
Cigire Sinseartha	An tUas. Damhnait Gaughan MPSI
Cigire	An tUas. John Hislop MPSI
Riarthóir	An tUas. Elouise Haynes BA

Cigireacht agus Forfheidhmiúchán	
Ceann Riarachán agus Forbartha	
Bainisteoir um Chigireacht agus Forfheidhmiúchán	An tUas. John Bryan
Riarthóir	An tUas. Liz Kielty MA

Riarachán agus Airgeadais	
Leascheann Riaracháin	An tUas. Sinead O'Keeffe BBS

Riarthóirí	
Cuntais agus Acmhainní Daonna	An tUas. Patricia Daly MIATI
Fáiltiú agus Tacaíocht Riaracháin	An tUas. Clare Roche BA

Irish Pharmacy Journal	
Eagarthóir	An tUas. Kate O'Flaherty BScPharm, MSc, MA, MPSI
Riarthóir	An tUas. Carol Keogh DipFA

Bord Comhairleach Eagarthóireachta (ceaptha i Samhain 2007)

An tUas. Jackie Gallagher	Stiúrthóir Caidreamh Poiblí Q4 agus Comhairleoir PR don PSI (cathaoirleach)
An Dr. Stephen Byrne	Léachtóir i gCógaisíocht Chliniciúil, UCC
An tUas. Geraldine Colohan	Príomhchogaiseoir, Ospidéal Portiuncla, Béal Átha na Slua
An tUas. James Collins	Cógaiseoir pobail, Áth Dara, Luimneach
An tUas. Jackie Robinson	Mac léinn cógaisíochta réamhchlárúcháin

Oifig chláraithe Chumann Cógaiseoirí na hÉireann:
18 Bóthar Shrewsbury, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Guthán: +353 1 2184000
Facs: +353 1 2837678
Ríomhphost: info@pharmaceuticalsociety.ie
Láithreán Gréasáin: www.pharmaceuticalsociety.ie

CLÁR NA N-ÁBHAR

Réamhra leis an tUas. Brendan Hayes,Uachtarán PSI	5
Forbhreathnú leis an Dr. Ambrose McLoughlin, Cláraitheoir PSI	6
Gníomhaíochtaí Comhairle PSI - 2007	7
Feidhm Chigireachta agus Fhorfheidhmiúcháin	8
Feidhm Forbartha Gairmiúla agus Foghlama	10
Feidhm Chlárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí	12
Feidhm Caighdeán agus Cleachtais	15
Gnóthaí Poiblí	16
Feidhm Gnóthaí Dlí	18
Feidhm Riaracháin, Airgeadais agus Rialachais Chorparáidigh	19
Feidhm Bhailiúcháin Táillí 2007	22
Tuarascáil Airgeadais (don tréimhse 1ú Eanáir 2007 – 22ú Bealtaine 2007)	23
Tuarascáil Airgeadais (don tréimhse 22ú Bealtaine 2007 – 31ú Nollaig 2007)	28

RÉAMHRÁ LEIS AN tUAS. BRENDAN HAYES, UACHTARÁN

Chuaigh an tAcht Cógaisíochta 2007 trí gach céim san Oireachtas ar 5 Aibreán agus cuireadh chuig Áras an Uachtaráin é, áit ar chuir an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa a síniú leis. Bhí éacht bainte amach ag an tUas. Rónan Quirke mar Uachtarán PSI, i dteannta leis an tSeanchomhairle PSI, a bhí á lorg agus a bhí á saothrú go tréan ag go leor daoine rompu. Ar 17 Aibreán, ag cruinniú deireanach an sean-PSI, toghadh agus ainmníodh naoinúr ball le ceapadh don chomhairle PSI nua. Ar 22 Bealtaine, shínigh an tUas Mary Harney TD, an t-ordú tosaithe a éascaíonn forfheidhmiú an Achta i dtrí chéim.

Baineann an chéad chéim ar cuireadh tús leis leis an PSI nua agus an Chomhairle go príomha, baineann an dara céim le clárúchán cógaiseoirí agus cógaslann go príomha, agus cuirfear tús leis na fórálacha eile, lena n-áirítear feidhmiúlacht chun cleachtadh, i dtriú céim, i bhframa ama a leagfar ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.
D'fhág an tUas. Rónan Quirke agus iad siúd a chuaigh roimhe oidhreacht fhíor-luachmhar do na glúnta cógaiseoirí agus úinéirí cógaslann atá le teacht , agus do na hothair a mbímid go léir ag freastal orthu ach go háirithe.
Chuir gealltanas na n-Uachtarán agus Comhairlí ón am atá thart go mór leis an gcreat reachtaíochta seo a tháinig i bhfad i ndiaidh ama a sheachadadh.
Bliain dhúslánach agus fíor-rathmhar ab ea 2007 dóibh siúd go léir san earnáil chógaisíochta. Is de bharr thiomantas, fhuinneamh agus cheannaireacht an Uachtaráin agus na Comhairle atá ag imeacht, Comhairle nua an PSI agus an Cláraitheoir, baill foirne agus comhairleorí gairmiúla don PSI a baineadh amach éachtaí 2007.

Tá ár moladh, comhghairdeas agus buíochas ag dul freisin leis an tUas.Mary Harney TD, An tAire Sláinte agus Leanaí, agus leis na daoine seo a leanas ag an Roinn Sláinte agus Leanaí – An tUas. Michael Scanlan (Ard-Rúnaí), An tUas. Tom Mooney (Leas-Ard-Rúnaí),
An tUas. Noel Usher (Stiúrthóir Cúram Príomhúil), An tUas. Colm Desmond (Príomhoifigeach), An tUas. Tom Monks (Príomh-Oifigeach Cúnta) agus an tUas. Tom McGuinn (Príomh-Chomhairleoir Cógaisíochta), chomh maith leis an gcomhairleoir dlíthiúil don PSI, an tUas. Dominic Dowling agus comhairleoir gnóthaí poiblí don PSI, an tUas. Jackie Gallagher.
Is mian liom freisin buíochas a ghabháil leis na baill den Dáil agus den Seanad a rinne anailís agus díospóireacht chríochnúil ar an mBille Cógaisíochta agus é ag dul tríd an Oireachtas. Bheadh faillí á déanamh agam muna luafainn go speisialta ceannaire an tSeanaid ag an am an tUas. Mary O'Rourke, an Dr. Liam Twomey, an tUas. Liz McManus, an tUas. Caoimhín Ó Caoláin, an tUas. John Gormley agus na daoine eile a chuir leis na díospóireachtaí agus a rinne rith an Achta Cógaisíochta 2007 a éascú. Chuir an tOireachtas fáilte roimh an mBille agus tugadh an-mholadh don PSI. Is iad na daoine is mó fós a mbaineann tairbhe as ár gcuid iarrachtaí ná ár n-othair agus leas an phobail a mbímid ag freastal air.
Tá an feitheamh fad le creat nua-aimseartha don chógaisíocht thart. Tá an turas chuig tar-rolladh iomlán na reachtaíochta nua ar bun. Leagtar amach dualgais an PSI go soiléir sa reachtaíocht nua. Chun na fírinne a rá, bhog an PSI chuig ról dúshlánach atá an-difriúil leis an ról a bhí ag an sean-PSI roimhe. Sna dá bhliain seo chugainn déanfar an reachtaíocht a fhorfheidhmiú agus gach rud atá i gceist leis don ghairm, d'úinéirí cógaslann, Scoileanna Cógaisíochta, mic léinn chógaisíochta ag gach leibhéal agus Comhairle agus baill foirne an PSI .
Tá áthas orm an chéad Thuarascáil Bhliantúil de chuid Chumann Cógaiseoirí na hÉireann, an rialaitheoir cógaisíochta, a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Oireachtais.

An tUas. Brendan Hayes MPSI

THE PHARMACY REGULATOR

FORBHREATHNÚ LEIS AN DR. AMBROSE MCLOUGHLIN, CLÁRAITHEOIR PSI

Tar éis 132 bliain, tá rialú na hearnála cógaisíochta curtha ar ardán daingean reachtaíochta. Leis an Acht Cógaisíochta 2007 cuirtear creat nua-aimseartha ceart ar fáil le cinntiú go bhfaigheann othair agus an pobal seirbhís shlán agus éifeachtach cógaisíochta atá ar an gcaighdeán is airde.

Cuirtear fáilte leis an tús luath leis an reachtaíocht. Amach anseo is é an príomhdhíriú a bheidh ag an PSI ná sábháilteacht othar, cosaint an phobail agus ceannaireacht ar earnáil a bhfuil go leor luacha othar le cur aige. Is mian liom taifead a dhéanamh ar mo bhuíochas as obair agus tiomantas an Uachtaráin, an Leas-Uachtaráin agus na Comhairle agus iad siúd a raibh reachtaíocht chógaisíochta nua á lorg acu leis na blianta.

I rith 2007, d'oibrigh an PSI go han-éifeachtach leis an Aire Sláinte agus Leanaí an tUas. Mary Harney TD, a cuid comhairleoirí, an tArd-Rúnaí Michael Scanlan agus a fhoireann ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Bhíomar buíoch ach go háirithe as comhairle agus tacaíocht ón tUas. Tom Mooney an tUas. Noel Usher, an tUas. ColmDesmond, an tUas. Tom Monks agus an tUas. Tom McGuinn. Sna blianta atá le teacht táimid geallta chun oibriú i gcomhpháirtíocha lenár gcomhleacaithe sa Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Aire.

Tá ár mbuíochas ag dul freisin le baill foirne an PSI agus leis na comhairleoirí gairmiúla don PSI as bheith dílis as gairmiúil i rith bliana a bhí an-dúshlánach agus an-luachmhar do gach duine ag 18 Bóthar Shrewesbury.

Tugaimid aghaidh ar na dúshláin atá romhainn agus muid muiníneach agus é beartaithe againn bheith inár rialaitheoir reachtúil ardfheidhmíochta áit a ndéantar cinntí ar bhunús daingean fianaise. Tá an creat reachtaíochta nua, a chothroime, freagrúlacht agus ionracas an-tábhachtach dóibh siúd a mbímid ag freastal orthu. Bunús daingean ar féidir linn ár gcumas iomlán a thógáil agus a chomhlíonadh air atá san Acht Cogaisíochta. Chun na fírinne a rá, bliain fíor-rathmhar don PSI – eagraíocht a bhfuil a dícheall fós le feiceáil – ab ea 2007. Anois ní mór dó ceannaireacht a dhéanamh ar an athrú is mó i stair na hearnála cógaisíochta agus san earnáil sláinte in Éirinn agus é a chur i bhfeidhm.

Ní mór don PSI bheith nuálaíoch agus é féin a chur in oiriúint do thimpeallacht a bhíonn ag athrú i gcónaí. Agus muid ag obair i gcomhpháirtíocht le gach duine san earnáil chógaisíochta agus san earnáil sláine níos leithne ní mór dúinn smaoineamh nua agus cur chuigí úra a spreagadh. Tabharfar tús áite d'fhorbairt eagraíochta anois de réir mar a chuirtear an PSI in oiriúint do chuspóirí agus feidhmeanna do na blianta atá romhainn.

Bhunaigh an Chomhairle nua córas Coiste nua le ligint do chinnteoireacht agus le bainistíocht éifeachtach na heagraíochta a éascú. Tá fíor-ról mór Chathaoirligh agus bhaill na struchtúr Coistí nua leagtha amach sa tuarascáil seo. Tugann gníomhartha na Comhairle le fios gur mian leo bogadh i dtreo an tAcht Cógaisíochta 2007 a chur i bhfeidhmar bhealach struchtúrtha agus córasach.

Leagaimid luach ard ar chaidreamh an PSI le déantóirí sinseartha beartais agus cinntí san earnáil chógaisíochta agus san earnáil reachtúil níos leithne. Bainfimid úsáid as cur chuige comhpháirtíochta leis na geallchoimeádaithe lárnacha go léir agus an reachtaíocht nua á cur i bhfeidhm agus beidh an próiséas comhairliúcháin a bheidh ag baint leis dian, cuimsitheach agus fadréimseach.

Tosaíocht mhór fós atá sna caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a fhorbairt. Ghlac an Coiste Iniúctha imeachta a raibh an tUas. Sean MacHale ina cheannaire air agus ar thacaigh an tUas. John McNally, an tUas. Seoirse Ó hAodha, an tUas. Tom McGuinn agus an tUas. Dominic Dowling leis, ról tábhachtach i gcomhairle agus treoir a thabhairt don PSI maidir le priacail a aithint, a luacháil agus a bhainistiú, agus chuir siad réimse leathan taithí i bhfeidhm ar na dúshláin iomaí a bhí le sárú ag an sean-PSI. Tabharfaidh an tOll. John Hillery, Cathaoirleach an Choiste Iniúctha nua-cheaptha, agus a Choiste dearbhú breise do chinnteoireacht na Comhairle nua sna blianta atá romhainn.

Bhí feidhmíocht airgeadais an PSI i 2007 sásúil. Rinneadh dul chun cinn maidir le bunachar sonraí nua a fhorbairt agus táthar ag plé le go leor ceisteanna lárnacha maidir le forbairt eagraíochta anois.

Leagtar amach go han-soiléir sa Phlean Seirbhíse 2008 conas a dhéanfar an reachtaíocht a chur i bhfeidhm leis na hacmhainní atá ar fáil.

De réir a bhogann an PSI ó fhéinrialú chuig an domhan nua ina bhfuil treoir ghairmiúil á tabhairt do rialú, tabharfar níos mó airde dó agus beidh sé á scrúdú níos mó ag an bpobal ná mar a bhí roimhe. Tá an todhchaí ag glaoch orainn. Ar mhaithe le hothair agus leis an earnáil chógaisíochta caithfidh go n-éireoidh linn i ngach rud a dhéanaimid.

An Dr. Ambrose McLoughlin

GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIRLE PSI - 2007

- Bhuail an tSeanchomhairle PSI faoi thrí sular cuireadh tús leis an tAcht Cógaisíochta 2007, in Eanáir, Márta agus Aibreán 2007 2007.

- Bhuail an Chomhairle nua PSI agus a cuid coistí ocht n-uaire i rith na bliana. Bhí an meánfhreastal ar na cruinnithe sin sa bhreis ar 90%. Bhuail an Chomhairle cúig uaire: I Meitheamh, Iúil, Meán Fómhair, Samhain agus Nollaig 2007.

- D'fhaomh an Chomhairle roinnt doiciméad i 2007:
  - Páipéar Seasaimh ar Chlárúchán Cógaslann
  - Doiciméad Plé ar an gCód Iompair do Chógaiseoirí
  - Meabhrán chuig an gComhairle ar Phróisis Náisiúnta Comhairliúcháin agus Faisnéise maidir le hAlt 18 agus an Cód Iompair.
  - Téarmaí tagartha na gCoistí Comhairle
  - Meabhrán chuig an gComhairle ar chomhthogadh ar na Coistí Comhairle
  - Meabhrán agus Páipéar Seasaimh ar an mBealach Clárúcháin Neamh-AE/LEE atá beartaithe
  - Córas Gearán Eatramhach
  - Comhaontú Comhoibrithe leis an Pharmaceutical Society of Northern Ireland

- Trí mheán an Chláraitheora, d'oibrigh an Chomhairle le comhlachtaí rialtasacha agus reachtúla mar an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), An Bord Altranais, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Chomhairle Fiaclóireachta, Comhairle na dTréidlianna agus, Bord Leigheasra na hÉireann (IMB).

- D'oibrigh an Chomhairle leis na Scoileanna Cógaisíochta ar chláir oibre beartais a bheidh ábhartha do chleachtas cógaisíochta amach anseo.

- Rinne an Chomhairle tuilleadh forbartha ar chomhoibriú leis na húdaráis chógaisíochta san AE, sa Nua-Shéalainn, i SAM, agus sa RA chomh maith leis an tionscnamh um Ghairmiúlaigh Chúraim Sláinte ag Trasnú Teorannacha agus an Alliance of UK Health Regulators maidir leis an Eoraip agus ceisteanna lárnacha comhleasa.

FEIDHM CHIGIREACHTA AGUS FHORFHEIDHMIÚCHÁIN

COISTE CIGIREACHTA AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN
Cathaoirleach: Coim. Cúnta an Gharda Síochána Nóirín O'Sullivan
Baill: An Dr. William Boles; An tUas. Richard Durkin;
An tUas. Cathriona Hallahan; An tUas. Deirdre Larkin;
An tUas. Darragh O'Loughlin; An tUas. Phil O'Neill.

Téarmaí Tagartha

(a) Beartas a cheapadh agus nósanna imeachta éifeachtacha feidhmiúcháin a cheapadh le húsáid ag Oifigigh Údaraithe an PSI agus an tAonad Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin
(b) Faoi réir srianta airgeadais alt (h) an líon Oifigeach Údaraithe atá ag teastáil a shocrú agus é a chur faoi bhráid na Comhairle le go ndéanfadh sí í a cheadú agus struchtúr an Aonaid Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin a shocrú agus comhairle a thabhairt don Chomhairle dá réir.
(c) Creat rialachais agus feidhmíochta a cheapadh le cinntiú go bhfeidhmíonn an tAonad Cigireachta agus forfheidhmiúcháin go héifeachtach agus go héifeachtúil lena n-áirítear íosleibhéal cigireachtaí bliantúla a shocrú, cinntiú go ndéantar na cigireachtaí sin agus go nglactar gníomh leantach.
(d) Tuarascálacha a fháil ó Oifigigh Údaraithe an PSI. Gníomh a mholadh de bharr na dtuarascálacha sin lena n-áirítear (agus faoi réir tuairim comhairleora dlíthiula) ionchúisimh a thabhairt .
(e) Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin eile an Stát i sláinte an phobail a rialú agus meabhráin tuisceana a fhorbairt leis na gníomhaireachtaí sin.
(e) Táillí a shocrú, atá bunaithe ar chostais infhíoraithe, le Cigireachtaí agus cigireachtaí leantacha a dhéanamh chomh maith le gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmiúcháin agus bheith in ann údar a thabhairt leis na táillí sin.
(f) Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na feidhme Cigireachta agus Forfheidhmithe i dteannta le staitisticí cuí
(g) Buiséad bliantúil a réitiú don Choiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.
(h) Gníomhartha ginearálta a mholadh don Chomhairle i réimse na cigireachta agus an fhorfheidhmiúcháin.
(i) Idirtheagmháil a dhéanamh leis na coistí Comhairle eile agus le comhairleoir dlíthiúil an PSI mar is gá.

Tá an PSI fós ag obair go héifeachtach leis an nGarda Síochána, le Seirbhís Chustaim agus Máil na gCoimisinéirí Ioncaim, comhairleoirí cógaslainne pobail san FSS, rannóg gearán an FSS chorparáidigh, Aonad Corparáideach Cógaisíochta an FSS, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus an Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia, na rialaitheoirí sláinte eile, grúpaí aighneachta eile, chomh maith le comhleacaithe sa Roinn Sláinte agus Leanaí, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (DHSSPS), Pharmaceutical Society of Northern Ireland (PSNI) agus an Royal Pharmaceutical Society of Great Britain (RPSGB). Oibríonn an PSI i ndlúthpháirt freisin le rialaitheoirí cógaslainne eile ar fud na hEorpa.

Tá an PSI sásta gearáin a fháil ó othair, ó bhaill den phobal agus gairmiúlaigh sláinte eile maidir le hábhair imní . Cúis mhór imní i 2007 ab ea an líon ionsaithe ar chógaiseoirí agus cógaslanna. Mar thoradh air, réitigh an PSI agus An Garda Síochána, i dteannta le geallchoimeádaithe eile, teimpléad um measúnú slándála do chógaslanna agus chuir sé doiciméad ar shlándáil go foirmiúil faoi bhráid áititheoirí cógaslainne. Tá an teimpléad sin ar fáil ar láithreán gréasáin an PSI.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ I 2007

Rinneadh 125 cigireacht ar chógaslanna ón 1ú Eanáir go dtí an 22ú Bealtaine 2007. Tugadh faoi 13 cigireacht eile sa tréimhse 23ú Bealtaine go 31ú Nollaig 2007.

Fuair agus d'fhiosraigh an PSI 35 gearán i 2007 (i gcomparáid le 29 i 2006). Seo a leanas briseadh síos ar na gearáin a fuarthas:

CINEÁL GEARÁIN	IOMLÁN
1. Earráidí líomhanta maidir le fodháileadh - lipéadú mícheart tháirgí agus fadhbanna maidir le cumasc gan réiteach ceart	10
2. Soláthar líomhanta de chógas as dáta	1
3. Maoirseacht mhícheart líomhanta ar oidis -táirgí díolmhaithe	10
4. Bainistíocht mhícheart líomhanta ar oidis	2
5. Fadhbanna idirphearsanta	7
6. Sárú líomhanta de dhlí cógaisíochta nó dlí maidir le leigheas	1
7. Fadhbanna líomhanta maidir le cleachtas cógaisíochta cliniciúla	4
Iomlán	35

Thóg an PSI trí hionchúiseamh i 2007, i gcomparáid le ceithre hionchúiseamh i 2006.
I 2007 bhí seisear cógaiseoirí fós eisiata ón gClár ar chúiseanna sláinte.

Thug an Coiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin faoi chlár fairsing oibre le beartas a shainiú i dtaobh a réimsí feidhmiúcháin. Thug sé faoi athbhreithniú ar na riachtanais agus acmhainní eagraíochta atá ag teastáil leis an bhfeidhm chigireachta agus forfheidhmiúcháin atá sainordaithe faoin Acht Cógaisíochta 2007 agus reachtaíocht ábhartha eile a chomhlíonadh. Forbraíodh 'Clár Oibre Feidhmithe' atá sonrach le cinntiú go gceaptar agus go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach agus go tráthúil na próisis, na nósanna imeachta agus na córais atá ag teastáil le feidhm dhaingean chigireachta agus forfheidhmiúcháin a sheachadadh mar atá beartaithe faoin Acht Cógaisíochta 2007.

FEIDHM FORBARTHA GAIRMIÚLA AGUS FOGHLAMA

COISTE UM FORBAIRT GHAIRMIÚIL AGUS FOGHLAIM

Cathaoirleach: An Dr. Paul Gallagher

Baill: An tUas. Colm Fagan; An tUas. Noeleen Harvey; An tUas. Ita Kelleher; An tUas. Michelle Ní Longáin; An tOll. June Nunn; An tUas. Rónan Quirke.

Téarmaí Tagartha

(a) Athbhreithniú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt don Chomhairle maidir le hoideachas agus oiliúint chógaisíochta agus cabhrú leis an gComhairle beartas oideachais an PSI a cheapadh, lena n-áirítear speisialtóireachtaí a cheapadh

(b) Cinntiú go ndéantar cláir oideachais a sheachadadh do mhic léinn, cógaiseoirí agus baill foirne tacaíochta cógaslainne, lena n-áirítear teicneoirí cógaslainne agus cúntóirí cógaisíochta

(c) Córas creidiúnaithe a bhunú, a athbhreithniú, agus a nuashonrú mar is gá, maidir le háiteanna, institiúidí agus daoine a fhéadann cláir oideachais agus oiliúna cógaisíochta a sheachadadh.

(d) Curaclaim éagsúla a cheapadh agus a chreidiúnú i dtaobh cógaisíocht a mhúineadh

(e) Ceapachán creidiúnóirí, scrúdóirí nó measúnóirí neamhspleácha gairmiúla a mholadh don Chomhairle, mar is cuí

(f) Córas éifeachtach scrúdaithe a bhunú do mhic léinn agus cógaiseoirí i ngach réimse den chógaisíocht lena n-áirítear inniúlacht dlí-eolaíochta agus teangeolaíochta

(f) Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a cheapadh i réimse na cógaisíochta agus cinntiú go leantar ar aghaidh á seachadadh

(g) Taighde coimisiúin a dhéanamh ar oideachas, oiliúint, scrúdú agus measúnú agus staitisticí a choimeád agus a fhoilsiú

(h) Ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le hoideachas cógaisíochta agus FGL

(i) Buiséad bliantúil a chruthú don Choiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ I 2007

Cúrsaí Creidiúnaithe

Tugadh cuairt chreidiúnaithe ar an Scoil Chógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Chorcaí i Márta 2007 le creidiúnú foirmiúil a chláir Baitsiléra sa Chógaisíocht a mheas. don tréimhse 2007-2011. Rinneadh cuairt creidiúnaithe freisin ar an Scoil Chógaisíochta agus Eolaíocht Chógaisíochta, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, maidir lena chlár Baitsiléra Eolaíochta (Cógaisíocht) agus ag clúdú freisin na tréimhse 2007-2011.

Cúrsaí Réamhchlárúcháin

Thug 125 oiliúnaí réamhchlárúcháin faoi oiliúint le linn na tréimhse oiliúna 2006-2007. Dáileadh na socrúcháin oiliúna praiticúla mar seo a leanas:

Socrúcháin phobail 12-mí	92
Socrúcháin ospidéil 12-mí:	29
Socrúcháin phobail 6-mhí agus socrúcháin ospidéil 6-mhí	1
Socrúcháin phobail 6-mhí agus socrúcháin tionscail 6-mhí	3

Níor tugadh faoi aon socrúcháin acadúla.

Chuaigh 144 oiliúnaí réamhchlárúcháin i mbun oiliúna i 2007 mar chuid den bhliain oiliúna 2007-2008.

Réachtáladh dhá shuí den Scrúdú Ceadúnais (Scrúdú Deireanach) i 2007, i mBealtaine agus Samhain. Chuir beirt isteach ar an suí i mBealtaine agus chuir 126 duine isteach ar an suí i Samhain, d'éirigh le 120 duine san iomlán.

Réamhchlárúchán Mac Léinn Cógaisíochta Fochéime

Seo a leanas an líon mac léinn cógaisíochta a chuaigh i mbun staidéir sa bhliain acadúil 2006-07 agus a réamhchláraigh leis an PSI go dtí seo:

Scoil Chógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Chorcaí	58
Scoil Chógaisíochta agus Staidéar Cógaisíochta, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide	73
Scoil Chógaisíochta, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn	46
Iomlán	177

Ba é an líon iomlán mac léinn fochéime agus réamhchlárúcháin faoi chláir chreidiúnaithe an PSI i 2007 ná 800. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an líon sin go thart ar 900 sna blianta atá le teacht. Tháinig méadú mór ar infheistíocht an Stáit in oideachas agus oiliúint cógaiseoirí sna cúig bliana seo caite. Tháinig méadú breis is 130%

ó 2002 ar an aschur ón gclár cúig bliana d'oideachas agus oiliúint chógaisíochta, arna sheachadadh ag córas ardoideachais na hÉireann agus clár réamhchlárúcháin an PSI.

Thug an PSI cuairt ar gach Scoil go leor uaireanta i rith na bliana agus rinne sé cur i láthair do na mic léinn céad bliana agus ceathrú bliana i ngach scoil ar róil an rialaitheora cógaisíochta agus ar an mbliain oiliúna réamhchlárúcháin.

Cúrsaí do Chógaiseoirí Teagaisc
I 2007, réachtáladh cúig chúrsa do chógaiseoirí teagaisc i mBaile Átha Cliath agus ceann amháin i gCorcaigh. Chríochnaigh 92 cógaiseoir ar an iomlán an clár dhá lae le linn 2007.

Measúnaithe Deireanacha do Theicneoirí Cógaisíochta
Tháinig deireadh leis an gCúrsa do Theicneoirí Cógaisíochta i gColáiste Íde/Coláiste na Tríondóide Bhaile Átha Cliath i 2006 agus ina dhiaidh sin thug an PSI faoi féin trí shuí deireanach dá Mheasúnú Deireanach do Theicneoirí Cógaisíochta a réachtáil i 2007 le freastal ar na hiarrthóirí cáilithe a bhí fós ann.

Tugadh faoi athbhreithniú ar na comhaid de chuid na dTeicneoirí Cógaisíochta a bhí fós ann agus chuathas i dteagmháil leis na hiarrthóirí. Tharla na trí shuí den scrúdú don Mheasúnú Deireanach do Theicneoirí Cógaisíochta in Eanáir, Aibreán agus Meán Fómhair 2007 do na hiarrthóirí a thug fógra don PSI go raibh sé rún acu an chuid dheireanach sin dá gcúrsa do Theicneoirí Cógaisíochta a chríochnú.

Príomhchinntí Beartais
Thug an Coiste cead na hathbhreithnithe seo a leanas a dhéanamh i 2008:

- Athbhreithniú den chlár cúig bliana d'oideachas agus oiliúint chógaisíochta, ag cuimsiú athbhreithniú caighdeáin ar an gclár oiliúna réamhchlárúcháin
- Athbhreithniú ar mhúnlaí creidiúnaithe agus ar fhorbairt caighdeán creidiúnaithe nua
- Athbhreithniú ar mhúnlaí idirnáisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)

Líonrú le Comhlachtaí Idirnáisiúnta i 2007
I 2007 rinneadh ionadaíocht don PSI ag agus ghlac sé páirt i roinnt cruinnithe tábhachtacha le comhleacaithe ag leibheál idirnáisiúnta le treoir oideachais chógaisíochta agus foghlaim fadsaoil i gcógaisíocht a phleanáil don todhchaí. Chuir an PSI leis an 7ú Comhdháil Idirináisiúnta ar Fhoghlaim Fadsaoil i gCógaisíocht ar an téama 'Athruithe Aeráide i bhFoghlaim' a d'óstaigh Ollscoil Hertfordshire, agus leis an gcomhshiompóisiam den Academy of Pharmaceutical Sciences, an Academic Pharmacy agus an Royal Pharmaceutical Society of Great Britain ar an ábhar 'Careering towards the future: Debating pharmacy education from undergraduate to... where?', a d'óstaigh an RPSGB.

FEIDHM CHLÁRÚCHÁIN AGUS AITHEANTAIS CÁILÍOCHTAÍ

COISTE UM CHLÁRÚCHÁN AGUS AITHEANTAS CÁILÍOCHTAÍ
Cathaoirleach: An tOll. Peter Weedle
Baill: An tUas. Cormac Deasy; An Dr. Bernard Leddy.

Téarmaí Tagartha

(a) Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar fhorbairt beartais i ngach ábhar maidir le clárúchan agus aitheantas cáilíochtaí, agus bheith ar an eolas maidir le forbairtí AE agus idirnáisiúnta i gclárú agus ceadúnú cógaiseoirí agus in aitheantas cáilíochtaí

(b) Na critéir do chlárúchán agus clárúchán bliantúil daoine agus cógaslann a shocrú agus a chur i bhfeidhm

(c) Féachaint thar bhunú agus coimeád ceart na gClár, de réir an chleachtais is fearr, mar a éilítear san Acht Cógaisíochta 2007

(d) Soláthar d'iontráil ainmneacha daoine nó cógaslanna sna Cláir agus do na hainmneacha a bhaint díobh de réir fhorálacha an tAcht Cógaisíochta 2007 agus aon rialacháin a dhéantar faoi, agus le próis chuí

(d) Próiséas aitheantais a cheapadh, a chur i bhfeidhm, a nuashonrú agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh air chun críocha clárúcháin i dtaobh gach duine atá cáilithe go cuí cleachtadh, lena n-áirítear iarrthóirí náisiúnta, AE agus tríú tíortha

(f) Cumas daingean feidhmiúcháin do chóras clárúcháin bhliantúil do dhaoine agus cógaslanna a bhunú, a chinntiú agus a nuashonrú nuair is gá

(g) I gcomhpháirt leis an gCoiste um Chaighdeáin agus Cleachtas agus leis an gCoiste um Forbairt Ghairmiúil agus Foghlaim, córas um measúnú leanúnach inniúlachta do chógaiseoirí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a bheidh tacaithe ag córas d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

(h) Táillí cuí a chinntiú (i gcomhairle leis an gCoiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach), do chlarú daoine agus cógaslann agus do choimeád na gClár atá luaite agus é sin a mholadh don Chomhairle

(i) Plean gnó le costais agus tuarascáil bhliantúil a réitiú agus chur faoi bhráid an Choiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach agus cinntiú go ndéantar obair an Choiste laistigh den bhuiséad

GNÍOMHAÍOCHTAÍ I 2007

Cógaiseoirí

Clárúchán Cógaiseoirí

Chláraigh 114 cógaiseoir san iomlán faoin mBealach Náisiúnta Clárúcháin i 2007.

Chláraigh 306 cógaiseoir faoin mBealach Clárúcháin AE/LEE.

(Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an mBealach Clárúcháin neamh-AE/LEE i 2008.)

FIG. 1



Fig. 1 – Forbhreathnú ar chlárúchán cógaiseoirí faoin mBealach Clárúcháin AE don tréimhse 2002-2007

Ba é an líon iomlán cógaiseoirí a bhí cláraithe leis an PSI ar 31ú Nollaig 2007 ná c. 4,504.

Cur ar Ais Cógaiseoirí

Cuireadh 20 cógaiseoirí ar ais ar an gClár, agus roghnaigh 44 cógaiseoirí imeacht ón gClár.

Litreacha Dea-Sheasaimh Ghairmiúil

Eisíodh 50 Deimhniú a dheimhnigh Dea-Sheasamh Gairmiúil i 2007.

Cógaslanna

Cógaslanna pobail cláraithe leis an PSI	
Cuideachtaí Teoranta (le cógaslanna)	1288
Cuideachtaí Teoranta (nach le cógaslanna iad)	120
Le cógaiseoirí	145
Comhpháirtíocht	9
Ionadaí Pearsanta	3
Ní hEol	2
Fo-iomlán	1567
Cógaslanna ospidéil cláraithe leis an PSI	
Líon iomlán cógaslann ospidéil	61
Iomlán	1628

Líon iomlán aistrithe úinéireachta cógaslainne ar tugadh fógra don PSI fúthu i 2007	30
Líon iomlán cógaslann nua a osclaíodh ar tugadh fógra don PSI fúthú i 2007	61
Líon iomlán cógaslann atá le hoscailt ar tugadh fógra don PSI fúthu i 2007 (is ionann iad sin agus cógaslanna ar thug fógra go raibh sé de rún acu "siopa oscailte a choimeád" ach nach bhfuarthas obair pháipéir dóibh fós)	18

FIG. 2



Fig. 2 – Forbhreathnú ar chógaslanna nua a osclaíodh don tréimhse 2004-2007

Comhthéacs Idirnáisiúnta

Léiríonn figiúir a thiomsaigh PricewaterhouseCoopers i 2007, ar son an PSI, thar roinnt rialaitheoirí cógaslainne go hidirnáisiúnta, na cóimheasanna seo a leanas den líon cógaiseoirí cláraithe do gach cógaslann a bhí i bhfeidhm i 2006 (féach Fig.3).

Níor athraigh an cóimheas cógaslann le cógaiseoirí in Éirinn i 2007 mórán agus méadú beag 0.08, go1 : 2.76.

Ní mór don PSI agus do ghníomhaireachtaí rialtais an cóimheas

Cógaslann le cógaiseoirí agus an daonra in aghaidh cógaslainne a choimeád faoi athbhreithniú.

Tá pleanáil fórsa oibre i gcúram sláinte ríthábhachtach i gcomhthéacs na hÉireann agus na hEorpa araon le cinntiú go bhfuil cumas dóthanach ann riachtanais sláinte an phobail a riar.

Príomhchinntí Beartais

D'aontaigh an Coiste ar na cinntí beartais seo a leanas i 2008:

- Próiséas iarratais nua don chlár oiliúna praiticiúla réamhchlárúcháin
- Próiséas iarratais nua faoin mBealach Náisiúnta Clárúcháin
- Próiséas nua um Deimhnithe ionaid a eisiúint do Chógaiseoirí Urghnaimh Cláraithe

Tugadh faoi fhorbairtí sna mór-réimsí beartais seo a leanas:

- Cuireadh i bhfeidhm próiséas athbhreithnithe iarratas do chlárú mar chógaiseoirí faoin mBealach Clárúcháin AE
- Forbraíodh córas clárúcháin do ghnóthaí cógaslainne miondíola de réir a.17 den Acht Cógaisíochta, 2007
- Forbraíodh bealach clárúcháin do chógaiseoirí a bhfuil clárú neamh-AE acu de réir a.16 den Acht
- Rinneadh athbhreithniú agus forbraíodh nósanna imeachta nua do chlárúchán AE de réir na dTreoracha maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla (Treoir Chomhairle 2005/36/CE)

FIG. 3

Rialaitheoir	Cóimheas Cógaslann le cógaiseoirí i 2006	Daonra in aghaidh cógaslainne	Daonra in aghaidh cógaiseora
RPSGB (An RA)	1 : 3.03	4571	1509
PSNI (Tuaisceart Éireann)	1 : 3.54	3428	968
Pharmacy Board of New South Wales	1 : 4.50	3902	868
College of Pharmacists of British Columbia	1 : 4.02	4333	1077
PCNZ (An Nua-Shéalainn)	1 : 3.11	4602	1479
PSI (Éire)	1 : 2.68	2771	1032

Líonrú ag Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Ghlac an PSI páirt ghníomhach i bhforbairtí ar chlárúchán agus
aitheantas cáilíochtaí a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta agus AE araon i 2007. Ag leibhéal náisiúnta, buaileann an PSI go rialta le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Glacann an PSI páirt ghníomhach sa ghrúpa a bunaíodh faoin Roinn Sláinte agus Leanaí atá comhdhéanta d'údaráis chumasacha/comhlachtaí gairmiúla comhairliúcháin le breathnú ar cheisteanna a éiríonn as reachtaíocht AE agus a tionchar
ar aitheantas cáilíochtaí gairmiúla. Bhuail an PSI freisin le hionadaithe ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i 2007.

Tá an PSI fós ag obair i ndlúthpháirt le comhleacaithe sa PSNI agus sa RPSGB sa RA agus é mar aidhm an cleachtas is fearr a fhorbairt agus a roinnt sa réimse sin.

Ó thaobh an AE de, ghlac an PSI ról gníomhach i roinnt cruinnithe den tionscnamh um Ghairmiúlaigh Sláinte ag Trasnú Teorannacha, i mBeirlín (faoi Uachtaránacht na Gearmáine ar an AE) agus i Liospóin (faoi Uachtaráncht na Portaingéile ar an AE) ach go háirithe.

FEIDHM CAIGHDEÁN AGUS CLEACHTAIS

COISTE CAIGHDEÁN AGUS CLEACHTAS
Cathaoirleach: An tUas. Rónan Quirke
Baill: An tUas. Paul Fahey; An tUas. Noeleen Harvey; An tUas. Ita Kelleher; An tUas. Michelle Ní Longáin.

Téarmaí Tagartha

(a) Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar réimsí áirithe de bheartas i leith cógaisíochta mar a bhaineann sé le caighdeáin agus cleachtas, agus cur chuige straitéiseach a choimeád agus a chur chun cinn i dtreo feabhas leantach a dhéanamh
(b) Caighdeáin dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn i ngairm na cógaisíochta, agus gach gníomhaíocht a éilítear faoin Acht a éascú agus a chumasú
(c) Monatóireacht a dhéanamh ar dheiseanna agus bagairtí sa chóras seachtrach cúraim sláinte a mbeadh tionchar acu maidir le cúram agus seirbhís ardchaighdeáin cógaisíochta a sheachadadh agus comhairle beartais leanúnach don Chomhairle a cheapadh agus a athrú agus na fachtóirí sin á dtógáil san áireamh.

(d) Forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar threoir maidir le caighdeáin agus cleachtas i ngach earnáil de sheachadadh seirbhíse cógaisíochta agus cúram cógaisíochta
(e) Forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar threoir le cabhrú le cógaiseoirí agus úineirí cógaslann na caighdeáin cleachtais, idir cleachtas comhaimseartha agus cleachtas forbartha ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh chomh maith le riachtanais mar atá sonraithe ag an Aire faoi rialacháin Alt 18
(f) Comhairle a thabhairt don Chomhairle agus do chógaiseoirí go ginearálta maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile maidir le caighdeáin agus an cleachtas is fearr laistigh den ghairm.
(g) Buiséad bliantúil a réitiú don Choiste Caighdeán agus Cleachtais agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ I 2007

Thug an Coiste faoi athbhreithniú ar chaighdeáin agus treoirlínte go hidirnáisiúnta agus réitigh sé leabhrán féinmheasúnaithe dár teideal "Standards and Guidelines- a tool for self assessment" a foilsíodh agus a cuireadh timpeall chuig gach cógaslann agus atá ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin.

Tar éis seimeanáir i Samhain 2006 le plé a dhéanamh ar Dhrugaí Rialaithe, réitíodh doiciméad agus d'fhaomh an Coiste agus na geallchoimeádaithe go léir é i 2007. Tá an cheist seo á meas ag an Roinn Sláinte agus Leanaí anois.

Thug an Coiste faoi athbhreithniú ar Chód Eitice an PSI. Rinneadh scrúdú ar roinnt gníomhaireachtaí rialúcháin agus geallchoimeádaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus réitíodh doiciméad plé agus cuireadh ar an láithreán gréasáin é le haghaidh comhairliúcháin.

Mar thoradh ar an Acht Cógaisíochta 2007, chuir an Fheidhm Caighdeán agus Cleachtais tús le hathbhreithniú ar Chóid Iompair go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta de réir Cuid2(7)(2) (iii) den Acht Cógaisíochta 2007.

Rinneadh obair a choimisiúnú agus tugadh fúithi sna réimsí seo a leanas: fordháileadh antaithéachtach, cógais thar an gcuntar, treoirlinte ar chleachtas fordháilte, treoirlínte ar thimpeallacht an chleachtais chógaisíochta. Cuimsíodh iad sin ina dhiaidh i leabhrán treorach nua ar Chaighdeáin agus Cleachtas a fhoilseofar i 2008.

Cuireadh obair i gcrích sna réimsí seo a leanas: athbhreithniú ar chártaí stearóidigh, athbhreithniú ar athsceidealú cógas, athbhreithniú ar threoir ar tháirgí a bhfuil cóidín iontu a fhodháileadh agus athbhreithniú ar chógais tréidliachta a fhodháileadh. Tá na ceisteanna sin á leanúint anois leis na comhlachtaí ábhartha reachtúla agus taighde.

Freisin d'éascaigh an fheidhm Caighdeán agus Cleachtais clár ar Chógaisíocht Dlí-Eolaíochta agus Cleachtas Cógaisíochta Gairmiúla agus thacaigh sé leis do 127 mac léinn cógaisíochta fochéime, mar chuid den chúrsa bliantúil ar dhlí-eolaíocht .

GNÓTHAÍ POIBLÍ

AN tACHT CÓGAISÍOCHTA 2007

Ba é an éacht mór a baineadh amach i 2007 ná rannpháirteachas díreach ag an PSI in obair i dtreo Acht Cógaisíochta nua. Bhí tionchar mór ag an Iar-Uachtarán agus an Iar-Chomhairle le linn an phróisis reachtaíochta agus bhí an PSI an-sásta gur chuir an tAire agus a cuid oifigeach fáilte roimh roinnt leasuithe agus moltaí, a beartaíodh ag Sainchoiste de chuid na Comhairle imeachta, agus gur cuimsíodh an chuid is mó acusan sa reachtaíocht ag an gcéim Coiste san Oireachtas. Ghlac an tUachtarán imeachta, an Cláraitheoir agus comhairleoirí PSI páirt dhíreach i líon mór cruinnithe le hoifigigh ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus le daoine polaitiúla agus cinnteoirí lárnacha a raibh tionchar acu sa chóras polaitiúil. Ar thaifead an Oireachtais, mhol an tAire Sláinte agus Leanaí Uachtarán imeachta, Comhairle agus bainistíocht an PSI as ucht páirt chuiditheach agus éifeachtach a ghlacadh i bhfeabhas a chur ar an reachtaíocht agus í ag dul tríd na céimeanna éagsúla. Thug gach figiúr polaitiúil sinseartha trácht ar an tréimhse mhór ama agus an iarracht mhór a thug an tUachtarán imeachta an tUas. Rónan Quirke agus an Cláraitheoir an Dr. Ambrose McLoughlin ar cheisteanna maidir leis an reachtaíocht a chur ar aghaidh ó 2005.

AN PRÓISÉAS COMHAIRLIÚCHÁIN TAR ÉIS FHOILSIÚ AN BHILLE CÓGAISÍOCHTA 2007

Réachtáil an tUachtarán imeachta, agus é á thacú ag an gCláraitheoir agus comhairleoirí PSI, suas go 50 cruinniú le grúpaí leasa lárnacha agus geallchoimeádaithe lárnacha mar iarracht leibhéal ard comhthola agus tacaíochta d'fheabhsúcháin ar an reachtaíocht a fháil. Chuathas i gcomhairle go foirmiúil le gach grúpa leasa san earnáil chógaisíochta agus tarraingíodh aird an Aire Sláinte agus Leanaí, na Roinne Sláinte agus Leanaíagus an chóras pholaitiúil níos leithne ar a gcuid ábhar imní agus moltaí. Chomhoibrigh an PSI le daoine eile san earnáil le brústocaireacht a dhéanamh chun raon leasuithe a fháil agus feabhsaíodh agus athraíodh an reachtaíocht bheartaithe go mór dá mbarr. Caithfear an tAire Sláinte agus Leanaí agus a cuid oifigeach a moladh as bheith oscailte do bhreisithe agus leasuithe cuiditheacha ar an reachtaíocht a bhí bunaithe ar fhianaise. Chaith an tUas. Rónan Quirke agus an Cláraitheoir an-chuid ama thart ar thithe an Oireachtais, i mbun cruinnithe leis na meáin chumarsáide agus ag plé le fiosrúcháin agus ionadaíochtaí ó raon leathan eagraíochtaí. Léirigh na geallchoimeádaithe san earnáil chógaisíochta, trí mheán a gcomhiarrachtaí comhpháirtíochta agus iad ag obair leis an Aire Sláinte agus Leanaí, go bhféadfaidís an rud a bhí á lorg ag go leor daoine san earnáil le blianta a bhaint amach. Thug an tAire gealltanas dara bille cógaisíochta a thógáil ar aghaidh go luath le plé le roinnt ceisteanna atá fós ann. Beidh gá comhthoil a fháil ar fud na hearnála maidir leis na ceisteanna atá le plé.

AN PRÓISÉAS COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS CUR I BHFEIDHM AN ACHTA CÓGAISÍOCHTA 2007

D'fhoilsigh an Chomhairle PSI treoirleabhar ar an Acht Cógaisíochta 2007 "Preliminary Overview of the Pharmacy Act 2007-A New Beginning" a cuireadh timpeall chuig gach cógaiseoir agus mac léinn cógaisíochta ar fud na tíre le hiad a chur ar a n-eolas faoin reachtaíocht nua.

Thug an Chomhairle agus an tUachtarán nua faoi phróiséas foirmiúil comhairliúcháin i dtaobh chur i bhfeidhm an Achta Cógaisíochta 2007. I rith Deireadh Fómhair chuaigh an PSI i mbun sraithe de chruinnithe eolais réigiúnacha ag ocht n-ionad éagsúil ar fud na tíre. Réachtáladh na cruinnithe, a d'óstaigh an tUachtarán, an tUas. Brendan Hayes i mBaile Átha Cliath, Port Láirge, Corcaigh, Sligeach, Gaillimh, Luimneach agus saTulach Mhór, agus d'fhreastal thart ar 700 duine, cógaiseoirí agus úinéirí cógaslainne den chuid is mó orthu.

Ina theannta, bhuail an tUachtarán agus an Cláraitheoir, agus iad á dtacú ag Cathaoirligh na gCoistí éagsúla, le geallchoimeádaithe lárnacha lenar áiríodh na Scoileanna Cógaisíochta, comhlachtaí ionadaíocha cógaiseoirí agus dreamanna eile. Thug an tUachtarán gealltanas obair i gcomhpháirtíocht leis na geallchoimeádaithe go léir le cinntiú go mbeadh glacadh ardleibhéil ag gach duine a bhí i gceist.

D'óstaigh an Chomhairle PSI Cruinniú Mullaigh Náisiúnta ar Chógaisíocht san Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann ar 5ú Samhain, ar tugadh deis ann go leor réimsí lárnacha sa reachtaíocht agus tionchar na reachtaíochta a phlé. D'oscail an tAire Mary Harney, TD an Cruinniú Mullaigh Náisiúnta ar Chógaisíocht agus rinne painéal de chainteoirí idirnáisiúnta láithreachais ar roinnt ábhar a bhain le rialú agus forbairt na cógaisíochta sa todhchaí. Labhair an tUas. Tim O'Donoghue faoi "Patient Value & Pharmacy: the Green Light UK Experience and the Difficult Decisions for Regulators and Policy Makers". Labhair an tUas. David Pruce, Stiúrthóir Cleachtais agus Feabhsúchán Caighdeáin ag an Royal Pharmaceutical Society of Great Britain ar

"Auditing Quality and Standards of Pharmacy Practice". Labhair an Dr. Isabelle Adenot, cógaiseoir pobail as an bhFrainc ar "The Pharmaceutical record: a new instrument towards more secure dispensing". Rinne an tOll. Bill Scott, Príomhchomhairleoir Cógaisíochta in Albain cur i láthair ar "The Scottish Experience of Pharmacy Sector Regulation: Lessons to Learn and Challenges Ahead".

Phléigh an PSI le go leor ceisteanna a bhí ábhartha dá ról féin ach go háirithe trí mheán ráiteas don phreas agus trí hoibriú go gníomhach leis na meáin chumarsáide prionta, teilifíse agus raidió. D'eisigh an PSI 20 preas-eisiúint i 2007 agus ghlac sé páirt i thart ar 35 plé ar theilifís agus raidío beo ar cheisteanna maidir le rialú cógaisíochta. Chuir an PSI go mór le díospóireachtaí agus plé ar cheisteanna maidir le sábháilteacht othar.
Tá PSI ar cheann de shínitheoirí na hÉireann do Chairt an AE i leith Sábháilteachta ar Bhóithre agus molann sé do chógaiseoirí an baol d'othair agus do bhaill den phobal a éiríonn as aon chineál cógais a íoslaghdú.

I ndomhan nua an rialúcháin a bhfuil an PSI imithe isteach ann, éileofar níos mó ar an PSI freagraí a chur ar fáil láithreach ar fhiosrúcháin ó na meáin chumarsáide, ón bpobal, ó ghrúpaí aighneachta othar agus comhlachtaí reachtúla eile.
Beidh an láithreán gréasáin athdheartha agus athstruchtúrtha fós ina uirlis thábhachtach le tuairiscí rialta ar ghníomhaíochtaí na Comhairle agus an PSI a chur ar fáil don phobal agus don earnáil chógaisíochta.

Bhí an PSI fós gníomhach ag leibhéal na hEorpa tríd an tionscnamh um Ghairmiuláigh Sláinte ag Transú Teorannacha, agus rinneadh ionadaíochtaí díreacha ar ábhair spéise d'oifigí ábhartha an Choimisiúin AE agus oifigí comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa . Chuir an tUachtarán agus an Cláraitheoir iad féin ar fáil do bhaill agus Coiste/Fochoistí den Oireachtas le plé le ceisteanna a bhí ábhartha don PSI mar an rialaitheoir cógaisíochta.
Tá Cláraitheoir agus bainistíocht an PSI fós ag obair le heagraíochtaí reachtúla agus eagraíochtaí ionadaíocha náisiúnta mar an FSS, an IMB, An Garda Síochána, An Bord Altranais, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Chomhairle Fiaclóireachta, an tÚdarás Iomaíochta, an Irish Pharmaceutical Union (IPU), an Hospital Pharmacists Association of Ireland (HPAI), cumann na gcúntóirí cógaisíochta, an Technical Industrial Pharmacists and Pharmaceutical Scientists Association (TIPPSA), an Irish Pharmaceutical Healthcare Association (IPHA) agus dreamanna eile. Leanann an PSI air ag forbairt caidreamh leis an Irish Patients Association, Patient Focus agus grúpaí aighneachta othar eile maidir le ceisteanna comhleasa. Freisin leanann an PSI air ag obair go héifeachtach le comhleacaithe sa PSNI agus RPSGB. Bhí an PSI an-sásta comhaontú foirmeálta a shíniú leis an PSNI leis an leibheál comhoibrithe a éascú agus a uasmhéadu i gceisteanna comhleasa mar chlárúchán agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

IRISH PHARMACY JOURNAL

Is é an Irish Pharmacy Journal (IPJ) irisleabhar oifigiúil an PSI.
Foilsíodh aon eagrán déag den IPJ i 2007, agus scaipeadh breis is 5,000 cóip in aghaidh na míosa. Scaiptear iad sin chuig cógaiseoirí cláraithe, mic léinn chógaisíochta réamhchlárúcháin, na Scoileanna Cógaisíochta, agus comhlachtaí reachtúla cúraim sláinte eile, na meáin chumarsáide leighis agus tomhaltóirí, chomh maith leis an lucht déanta beartais lárnach laistigh d'earnáil chúraim sláinte na hÉireann. Cuirtear cóipeanna sa Leabharlann Náisiúnta agus scaiptear iad chuig foilseacháin chógaisíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta eile. I Lúnasa 2007, chuaigh an t-iar-eagarthóir Val Harte ar scor tar éis 10 mbliana i mbun seirbhíse, agus ceapadh eagarthóir nua Kate O' Flaherty. Bhí obair an tUas. Harte leis an IPJ tábhachtach ag uaireanta ríthábhachtacha agus leag a chuid comhleacaithe ar fud na hearnála cógaisíochta an-luach air. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar oiriúnacht fhormáid reatha an IPJ i 2007. Cheap an Chomhairle Bord Comhairliúcháin Eagarthóireachta leis an bpróiséas athbhreithnithe a chomhlánú agus le comhairle a thabhairt ar straitéis agus beartais an IPJ sa todhchaí.

CLUB LEABHAR

Ritheann an IPJ Club Leabhar, a sholáthraíonn téacsleabhair ábhartha,leabhair tagartha agus foilseacháin eile don ghairm chógaisíochta. I 2007, bhí go leor gníomhaíochta ar bun ag an gClub Leabhar agus díoladh thart ar 4,000 leabhar.

FEIDHM GNÓTHAÍ DLÍ

BUNÚ AGUS RÓL

Bunaíodh Aonad Gnóthaí Dlí an PSI nuair a ritheadh an tAcht Cógaisíochta nua. Is í príomhfheidhm an Aonaid laistigh d'oifig an PSI ná tacú leis an gComhairle, an Cláraitheoir agus gach rannóg den PSI le réitiú i gcomhair cur i bhfeidhm Acht 2007.

Ó Aibreán 2007, d'oibrigh an tAonad i ndlúthpháirt le rannóga eile den PSI ar bheartas a fhorbairt, athrú a bhainistiú agus Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus é ag Réitiú le feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais nua an PSI faoin Acht a chur i bhfeidhm go hiomlán.

D'oibrigh an tAonad le comhairleoirí dlíthiúla an PSI le cinntiú go gcuirfí i bhfeidhm go hiomlán na codanna den Acht ar cuireadh tús leo i mBealtaine 2007 agus leis na rialacháin, rialacha reachtúla, cóid, doiciméid agus nósanna imeachta a chur in áit le réitiú leis na fórálacha úd den Acht atá le tosú i 2008 a chur i bhfeidhm.

D'oibrigh an tAonad seo freisin i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus Leanaí mar réitiú le tosú na gcodanna ábhartha den Acht Cógaisíochta agus chuir sé tacaíocht ar fáil don Roinn maidir leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a thrashuíomh..

GNÍOMHAÍOCHTAÍ I 2007

Ó bunaíodh é in Aibreán 2007, ghlac an Fheidhm ról treorach i réitiú agus forbairt na dtuarascálacha seo a leanas:

- Tuarascáil don Chláraitheoir ar Chur i bhFeidhm an Achta Cógaisíochta 2007 (Iúil 2007)
- An tAcht Cógaisíochta 2007 – Clár Oibre do Chur i bhFeidhm (Samhain 2007)
- Tuarascáil don Chláraitheoir ar Struchtúr Eagraíochta beartaithe ag éirí as feidhmeanna nua an PSI faoin Acht Cógaisíochta 2007 (Nollaig 2007)

Le réitiú le tosú Cuid 4 agus 5 den Acht Cógaisíochta 2007, d'oibrigh an tAonad Gnóthaí Dlí i ndlúthpháirt le rannóga eile den PSI le nósanna imeachta agus próisis nua a fhorbairt ag éirí as feidhmeanna nua an PSI faoin Acht. Áirítear leo siúd:

- córas clárúcháin a fhorbairt do ghnóthaí Cógaisíochta miondíola de réir a.17 den Acht
- bealach clárúcháin a fhorbairt do chógaiseoirí a bhfuil clárú neamh-AE acu de réir riachtanais a.16 den Acht
- Cód Iompair dréachtúil a fhorbairt do Chógaiseoirí de réir a.7 den Acht
- athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta nua do chlárúchán AE de réir na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla

Seo a leanas réimsí eile gníomhaíochtaí den Aonad Gnóthaí Dlí i rith 2007:

- Tacú leis an gComhairle le cinntiú gur comhlíonadh freagrachtaí rialachais na Comhairle a éilíodh faoi Acht 2007 m.sh. feidhmeanna reachtúla a thairmligean do Choistí Comhairle, téarma oifige na chéad Chomhairle a shocrú, nósanna imeachta um chomhthoghadh do Choistí, srl.
- Tacaíocht a chur ar fáil don Roinn Sláinte agus Leanaí leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a thrashuíomh agus maidir le riachtanais reachtaíochta faoin Acht Cógaisíochta.
- Tacú le gníomhaíochta an PSI agus eolas á scaipeadh aige maidir leis an Acht Cógaisíochta 2007, lenar áiríodh na Cruinnithe Réigiúnacha, láithreachais do mhic léinn chógaisíochta srl.

FEIDHM RIARACHÁIN, AIRGEADAIS AGUS RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH

COISTE UM RIARACHÁN, AIRGEADAS AGUS RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Cathaoirleach: An tUas. Colm Fagan

Baill: An tUas. Paul Fahey; An tUas. Deirdre Larkin; An tUas. DarraghO'Loughlin; An tUas. Rita Purcell.

Téarmaí Tagartha

(a) Creat a fhorbairt do rialachas corparáideach agus airgeadais an PSI de réir threoirlínte an Rialtais agus an chleachtais is fearr a ghlactar leis, agus cinntiú go bhfuil na bealaí ar fáil le géilleadh le creat den sórt sin a sheiceáil agus a thomhas go seachtrach agus go hinmheánach

(b) Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin agus cleachtais reatha agus cinntiú go gcoimeádtar múnla agus creat an PSI suas le dáta.

(c) Féachaint thar ghnóthaí airgeadais an PSI lena n-áirítear a bhuiséad bliantúil agus buiséid na gCoistí Comhairle a fhaomh.

(d) Cinntiú go ndéantar sócmhainní an PSI a bhainistiú go críonna agus go gcuirtear chun tairbhe iad.

(e) Tabhairt faoi anailís agus meastóireacht priacail maidir le haon phriacail ardleibhéil a d'fhéadfadh bagairt ar an PSI agus ag é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna nó dochar a dhéanamh dá údarás agus dea-chlú.

(f) Dul i mbun próisis inmheánaigh um dícheall cuí ionas go ndéantar oibleagáidí na Seansochaí a dhíscaoileadh nó a aistriú ar bhealach comhchuí a chuidíonn leis an PSI.

(g) Idirtheagmháil a dhéanamh leis an gComhairle, an Coiste Iniúctha, agus Coistí eile den PSI mar is cuí

(h) Taifead a choimeád ar a chuid cinntí agus moltaí

(i) Tuairisc a thabhairt don Chomhairle nuair a iarrtar déanamh amhlaidh

(j) Ar chúinsí eisceachtúla nuair a thagann ceisteanna chun cinn maidir lena oiriúnaí agus a bhfuil a cuid gnó á dhéanamh ag an gComhairle, aird Choiste Iniúctha Seachtraigh an PSI agus/nó a chuid comhairleoirí dlíthiula a tharraingt ar na ceisteanna sin.

FEIDHM RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS

Tá an Fheidhm Riaracháin agus Airgeadais freagrach as na réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht airgeadais agus airgid
- Acmhainní Daonna
- Bainistíocht mhaoine agus sócmhainní
- ICT
- Riarachán ginearálta

Tá tuarascáil ar fheidhmíocht airgeadais an PSI i 2007 ina dá chuid. Clúdaítear an sean-PSI don tréimhse 1ú Eanáir go 22ú Bealtaine i gCuid 1 agus clúdaítear an PSI nua don tréimhse 22ú Bealtaine go 31ú Nollaig i gcuid 2. D'fheidhmigh an PSI de réir Ionchais agus teilgean agus na riachtanais a bhain le cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua a bhaint amach agus a thacú á dtógáil san áireamh. Tugadh le fios sa phlean seirbhíse do 2007 go mbeadh an toradh don bhliain sin an-éagsúil, ag brath ar achtú agus tosú na reachtaíochta.

Bainistíocht Airgeadais

Áiríodh iad seo a leanas i ngníomhaíochtaí Airgeadais an PSI i 2007:

- Táillí a bhailiú agus a lóisteáil
- Comórtais tairisceana (4)
- Imeachtaí íocaíochta foirne (12)
- Líon sonrasc a próiseáladh (962)
- Líon seiceanna a próiseáladh (610)
- Líon foirmeacha dochair dírigh a próiseáladh (707)
- Athbhreithniú ar chumhdach árachais críochnaithe de bharr an Achta Cógaisíochta 2007
- Athbhreithniú ar phunann maoine
- Athbhreithniú ar shocruithe bainistíochta airgid
- Scéim aoisliúntais nua a réitiú
- Cuntais 2006 a réitiú agus a iniúchadh
- Cuntais an sean-PSI a dhúnadh agus a iniúchadh
- Plean Seirbhíse 2008 a réitiú

Bhí roinnt dúshlán le sárú ag bainistíocht airgeadais an PSI i 2007. Toisc gur díscaoileadh an sean-PSI agus gur bunaíodh PSI nua bhí gá dhá shraith de ráitis airgeadais a dhéanamh i 2007.

Nuair a rinneadh Plean Seirbhíse 2007 a mheas agus a fhaomh níorbh eol cathain a d'achtófaí agus a thosófaí an Bille Cógaisíochta 2007. Ní dhearnadh soláthar i mbuiséad 2007 do na costais a bhí ag baint le haistriú don PSI nua. Bhí cúlchiste ar fáil leis na costais a thiocfadh chun cinn a riar.

Tháinig méadú ar ghníomhaíocht i ngach réimse den PSI mar a shonraítear sa tuarascáil seo. Bhí gnéithe a bhain le hachtú an Achta Cógaisíochta 2007 a bhí ar bun ó 2006 agus ceisteanna oidhreachta eile freagrach as an gcuid is mó de chaiteachas breise.

Rinne Stiúrthóirí fochomhlacht an PSI, Northumberland Properties Ltd athbhreithniú ar a chuid socruithe airgeadais agus

shocraigh siad morgáiste a bhí aige a eisíoc toisc go raibh

dóthain airgid idir lámha aige. Bhí glansábháil ar tháillí úis dá bharr.

Mhol Stiúrthóirí na fochomhlachta eile de chuid an PSI, Kenlis Publications Ltd (KPL) do Chomhairle an sean-PSI go ndéanfaí KPL a fhoircheannadh agus go n-aistreofaí a chuid gníomhartha don PSI agus d'aontaigh an Chomhairle d'aon ghuth leis sin. Aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais don PSI. D'fhabhraigh an PSI barrachas beag. Tá gníomhaíochtaí KPL ó Aibreán 2007 léirithe anois sna costais agus san ioncam a bhaineann le foilseachán an IPJ agus leis an gClub Leabhar.

I 2006 ar chomhairle dhíreach an Choiste Iniúctha imeachta agus iniúchóirí inmheánacha an PSI, choimisiúnaigh an Chomhairle mór-athbhreithnithe ar bhainistíocht sócmhainní PSI agus ar riachtanais an PSI. Roghnaíodh Lisneys agus chuir siad tuarascálacha i gcrích a rinne an Chomhairle imeachta a mheas. Ina theannta, choimisiúnaigh Oifigigh Onórach an sean-PSI ailtire le punann maoine an PSI a mheasúnú. Cuireadh críochnú na tuarascála sin ar athlá nuair a tháinig sé chun solais go ndéanfaí reachtaíocht nua cógaisíochta a achtú agus a thosú go luath i 2007. Cuireadh an tuarascáil seo faoi bhráid na Comhairle PSI in Eanáir 2008.

Éilítear ar an PSI scéim aoisliúntais a réitiú dá bhaill foirne san Acht Cógaisíochta 2007, Sceideal 1, alt 15. Cuireadh tús le hobair ar Scéim a dhréachtú le cur faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí. D'fhéadfadh go mbeidh easnamh maidir le maoiniú a riar le feiceáil sa scéim reatha nuair a rachaidh an scéim nua i bhfeidhm. Bheadh sé críonna soláthar a dhéanamh do thoradh den sórt sin. Mar a sonraíodh i Ráitis Airgeadais 2006 an sean PSI, d'fhéadfadh an t-easnamh bheith thart ar ▪ 0.5m

Acmhainní Daonna

Tugadh faoin anailís ar na riachtanais forbartha eagraíochta leis an Acht Cógaisíochta 2007 a chur i bhfeidhm go gearrthéarmach. Cuireadh lámhleabhar d'fhostaithe i gcrích agus tá sé á athbhreithniú faoi láthair.

ICT

Eagraíocht atá bunaithe ar fhaisnéis atá sa PSI. Gníomhaíochtaí lárnacha nach mór a thacú leis na huirlisí agus na háiseanna cearta atá i láimhseáil agus bainistíocht faisnéise.

Tugadh faoi athbhreithniú ardleibhéil ar riachtanais tosaíochta ICT i rith 2007.

Aithníodh dha réimse ann a raibh gníomh ag teastáil go práinneach iontu. Ba iad sin ná córas nua bunachar sonraí/clárúcháin a shuiteáil agus nuashonrú eatramhach a dhéanamh ar an láithreán gréasáin. Maidir leis an mbunachar sonraí, cuireadh an próiséas soláthair a tosaíodh roimhe i gcrích agus cuireadh tús le hobair fhorbartha i nDeireadh Fómhair. Mar thoradh air sin cuireadh an córas nua i bhfeidhm go sásúil ar ardán nua teicneolaíochta ó go luath i 2008. Tá an fhorbairt ina bunús d'fheidhmeanna agus modúil amach anseo. Freisin déanann sé foilsiú na gclár ar an idirlíon atá ina riachtanas san Acht nua a éascú.

Seoladh an nuashonrú eatramhach ar an láithreán gréasáin i nDeireadh Fómhair 2007. Soláthraíonn sé eolas don phobal agus do chógaiseoirí ar ghníomhaíochtaí an PSI ar bhealach níos éasca le húsáid agus níos tráthúla. Idir an dá linn cuireadh tús le hobair ar láithreán gréasáin nua a fhorbairt a chuirfidh áiseanna níos idirghníomhaí agus áiseanna ar líne ar fáil. Beidh ar an PSI infheistíocht mhór a dhéanamh thar an gcéad dhá nó trí bliana eile le cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na réitigh is éifeachtaí ar chostas le riachtanais ghnó an PSI a riar.

Modheolaíocht um Táillí Clárúcháin a Shocrú don Earnáil Chógaisíochta

D'iarradh cúnamh saineolaithe le modheolaíocht chuí a fhorbairt le táillí clárúcháin a shocrú don earnáil chógaisíochta. Bronnadh an tairiscint ar Pricewaterhouse

Coopers. Rinneadh go leor comhairliúcháin leis an gComhairle agus le feidhmeannacht an PSI, le rialaitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile agus le geallchoimeádaithe eile agus an mhodheolaíocht um shocru táillí á forbairt. Rinneadh an tuarascáil dheireanach a mheas agus a shonrú ag an gComhairle agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí í le cabhrú léi cinneadh a dhéanamh ar na leibhéil chuí táillí le cur i bhfeidhm san earnáil.

Plean Seirbhíse 2008 (Teilgin 2009/2010)
Réitigh an PSI Plean Seirbhíse le teilgin do 2008/2010 de réir Sceideal 1, alt 22 agus chuir sé an Plean Seirbhíse go foirmiúil faoi bhraid na Roinne Sláinte agus Leanaí.

Coiste Iniúctha
Réachtáil Coiste Iniúctha an sean-PSI cruinniú amháin i 2007 agus d'éirigh sé as a phost nuair a cuireadh tús leis an Acht Cógaisíochta 2007. I dteannta leis an gComhairle imeachta phléigh an Seanchoiste Iniúctha le roinnt tuarascalácha lenar áiríodh Clárúchán Cógaiseoirí, Rialachas Corparáideach, Baincéireacht agus Airgeadas, Cigireacht agus Infheistíochtaí. Ghlac an Chomhairle imeachta gníomh ar na tuarascálacha sin agus bhí siad an-luachmhar don phróiséas cinnteoireachta san idirthréimhse agus go háirithe maidir leis an gcóras nua Coiste a bhunú. Forbairt an-tábhachtach i 2007 ab ea bunú an Choiste um Riarachán, Airgeadas agus Rialachas Corparáideach. Cheap an Chomhairle Coiste Iniúctha nua ag an gcruinniú i Nollaig 2007.

Clár um T hacaíocht Sláinte Comhaontaithe
Ba é an méid caiteachais eisceachtúil le tacú le roinnt cógaiseoirí a bhí amach ón gclár go sealadach ná ▪ 16,988 i 2007. Mar a bhogaimid ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Achta Cógaisíochta 2007, bheadh sé inmhianta go ndéanfaí na cógaiseoirí úd atá thíos le fadbhanna sláinte agus spleáchais ach go háirithe, a threorú chuig cláir chuí cúraim agus cóireála. Cuireann an PSI fáilte roimh bhunú Cláir um Thacaíocht Sláinte Comhaontaithe a ndéanfaidh riachtanais gairmiúlach túslíne a riar.

Ciste Cuimhneacháin James Coleman
D'fhág an tUas. James Coleman, Iar-Chláraitheoir ón sean-PSI, iarmhar a eastát do Chomhairle an PSI chun críocha sparánacht nó ciste a bhunú le haghaidh na mac léinn a meastar go bhfuil gá acu le tacaíocht airgeadais agus a theastaíonn uathu bheith ina gcógaiseoirí. Le mianta an tUas. Coleman nach maireann a éascú, bhunaigh Uachtarán agus Comhairle an sean-PSI Ciste Cuimhneacháin James Coleman. Éilítear ar an mBord Iontaobhaithe úsáid a bhaint as an gciste le scoláireachtaí a dtabharfar Scoláireachtaí James Coleman orthu a bhunú agus a choimeád.

Tar éis don Uachtarán imeachta an tUas Rónan Quirke idirghabháil a dhéanamh, rinne an Bord Iontaobhaithe i gcomhairle leis an PSI agus a chuid comhairleoirí dlí go leorde na ceisteanna a bhí fós ann maidir le Ciste Cuimhneacháin James Coleman a réitiú. D'fhaomhadh próiséas um scoláireachtaí a bhronnadh ar mhic léinn a bhí cláraithe le cúrsaí céime cógaisíochta agus tá iarratais á lorg an mBord Iontaobhaithe faoi láthair. Táthar ag súil go mbronnfar na chéad dámhachtainí scoláireachta don bhliain acadúil 2007/2008.

PRÓISÉAS BAILIÚCHÁIN TÁILLÍ 2007 (CLÁRÚCHÁN LEANTACH DO CHÓGAISEOÍRÍ)

I bhFeabhra 2007, cuireadh 4,113 foirm um athnuachan táillí chuig cógaiseoirí a bhí cláraithe leis an PSI, agus cuireadh 531 foirm um athnuachan táillí chuig cúntóirí cógaisíochta .
Astu sin, d'fhilleadh 3,592 (77%) athnuachan táillí ar an PSI agus phróiseáil an Rannóg Táillí iad.

In Aibreán 2007, eisíodh 1,052 meabhrúchán táillí san iomlán Chuig cógaiseoirí agus cúntóirí cógaisíochta , agus d'fhilleadh 661 foirm le próiseáil.
I Meán Fómhair 2007, cuireadh meabhrúchán táillí eile chuig na 391 cógaiseoir a bhí fágtha, agus astu sin bhí 128 fillte ar, agus próiseáilte ag an PSI faoi dheireadh mhí na Nollag 2007.
Ón 31ú Nollaig, bhí táillí 263 duine fós le híoc agus tá siad á n-athbhreithniú faoi láthair.

TUARASCÁIL AIRGÉADAIS

DON TREIMHSE 1ú Eanáir 2007-22ú BEALTAINE 2007

Rinne ár n-iniúchóirí Anne Brady McQuillans DFK iniúchadh ar na cuntais don tréimhse seo. Tá na cuntais agus tuarascáil na n-iniúchóirí san áireamh sa tuarascáil seo. Léiríonn na cuntais don tréimhse seo barrachas caiteachais thar ioncam de ▪ 156,595. Maoiníodh an barrachas ag brabúis coinnithe de ▪ 3,183,475 a tógadh ar aghaidh ó 2006. Léirítear comparáid leis na figiúir do chuntas na bliana iomláine i 2006 sna cuntais. Tá sé deacair comparáid a léiriú idir na figiúir le haghaidh an dá bhliana ar roinnt cúiseanna:

- Clúdaíonn na dátaí tréimhsí éagsúla ama
- Tharla gníomhaíocht a bhain le réitiú agus pleanáil i gcomhair an Achta Cógaisíochta sa dá bhliain ach ní raibh sí ag leibhéil chomhfhreagracha.
- Cuireadh stad le gníomhaíochtaí Kenlis Publications Ltd. ar 31 Márta 2007 i ndiaidh a leachtaithe thoilteanaigh. Ina dhiaidh sin aistríodh a chuid gníomhaíochtaí go léir don PSI agus tá a chuid costas agus ioncaim san áireamh inár gcuntais ón dáta sin i gcuntais 2007.
- Bíonn táillí clárúcháin agus scrúdaithe le híoc sa ráithe deireanach den bhliain. Mar sin ní raibh ioncam ó na táillí sin bainteach sa tréimhse ábhartha i 2007. Bhí gá baill foirne breise a fhostú le déileáil leis an méadú ar ghníomhaíocht agus an t-ualach oibre breise dá bharr mar atá mínithe.

Ba é an t-iarmhéid ar an gcuntas brabúis agus caillteanais a aistríodh chuig an PSI nua ná ▪ 3,026,880. Ba iad cúlchistí an sean-PSI ar 22ú Bealtaine 2007 ná ▪ 4,388,214.

Sonraíonn tuarascáil na n-iniúchóirí go dtugtar léargas fíor agus cothrom i ráitis airgeadais an sean-PSI ar 22ú Bealtaine 2007 ar staid ghnóthaí an PSI agus gur réitíodh na cuntais i gceart.

Insíodh do Chomhairle an sean-PSI ar bhonn leanúnach ó 2006 go raibh caiteachas breise i gceist le réitiú i gcomhair na reachtaíochta nua agus go bhféadfaí é a mhaoiniú ó chistí coinnithe. Tharla sé sin i 2006
agus 2007 araon.

TUARSCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHAIRLE AN PSI
DON TRÉIMHSE 1ú EANÁIR 2007 – 22ú BEALTAINE 2007

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais do Chumann Cógaiseoirí na hÉireann don tréimhse dar chríoch 22ú Bealtaine 2007 atá comhdhéanta den chuntas ioncaim agus caiteachais, den chlár comhardaithe agus nótaí bainteacha. Réitíodh na ráitis airgeadais seo faoin gcoinbhinsiún stairiúil ar chostas agus faoi bheartais chuntasaíochta. (Ráitis iomlána cuntais ar fáil ón PSI)

Déantar an tuarascáil seo chuig an gComhairle amháin, mar Chomhlacht de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cuntasaíochta 2007 agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na ceisteanna úd nach mór dúinn a shonrú don PSI i dtuarascáil iniúchóra a shonrú dóibh agus níor réitíodh é le haghaidh aon chuspóra eile. Ní ghlacaimid freagracht, a mhéid agus a thugtar cead dúinn ag an dlí, d'aon duine eile seachas an PSI agus baill an PSI mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as ár dtuairim.

Freagrachtaí na Comhairle agus na n-Iniúchóirí faoi Seach
Tá freagrachtaí na Comhairle as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a réitiú de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cógaisíochta agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a chuir Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) chun cinn leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Tá freagracht orainn as iniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlíthiúil agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirináisiúnta um Iniúchóireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe)

Tugaimid duit ár dtuairim an dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis agus an bhfuil siad réitithe i gceart de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cógaisíochta 2007 agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Freisin tugaimid tuairisc duit ar ár dtuairim maidir leis na ceisteanna seo a leanas: ar choimeád an PSI leabhair chearta cuntais; agus an réitíonn an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Comhairle leis na ráitis airgeadais. Ina theannta, sonraímid an bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a theastaíonn chun críocha ár n-iniúchta agus an réitíonn clár comhardaithe agus a chuntas ioncaim agus caiteachais leis na leabhair chuntais. Tugaimid tuairisc don Chomhairle má mheasaimid nach dtugtar aon eolas atá sonraithe ag an Acht Cógaisíochta 2007 maidir le híocaíocht ball Comhairle nó idirbhearta ball Comhairle, agus áit ar féidir, áirímid an t-eolas sin inár dtuarascáil.
Léimid an t-eolas eile sa Tuarascáil Bhliantúil agus measaimid an réitíonn sé leis na ráitis airgeadais iniúctha. Níl san eolas eile sin ach Tuarascáil na Comhairle. Déanaimid na himpléachtaí dár gcuid tuarascála a mheas má fhaighimid eolas ar aon mhíraitis soiléire nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Nílimid freagrach as aon eolas eile.

Bunús Tuairime Iniúctha
Rinneamhar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirináisiúnta um Iniúchóireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhunús tastála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais mhóra a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á réitiú aici, agus an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an PSI, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtar go dóthanach iad.
.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach le fianaise dhóthanach a chur ar fáil dúinn le dearbhú réasúnta a thabhairt dúinn go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh go raibh calaois nó mírialtacht nó earráid eile freagrach as. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim rinneamar luacháil freisin ar dhóthanacht chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais ar an iomlán.

Tuairim
Is é ár dtuairim ná go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais ar staid ghnóthaí an PSI ar 22ú Bealtaine 2007 agus ar a thoradh don tréimhse a chríochnaigh ansin agus gur réitíodh iad i gceart de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Chógaisíochta 2007 agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúctha. Is é ár dtuairim ná gur choimeád an PSI leabhair chearta cuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte &
Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Iveagh, Bóthar
Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON TRÉIMHSE DAR CHRÍOCH 1ú EANÁIR 2007 – 22ú BEALTAINE 2007

	Nótaí	Tréimhse dar chríoch 22ú Bealtaine 2007 ▪	Bliain dar chríoch 31ú Nollaig 2006 ▪
Ioncaim	2	755,265	2,108,784
Costais Dhíreacha		(2,200)	(2,303)
Ollbharrachas		753,065	2,106,481
Costais riaracháin		(902,978)	(2,230,066)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	3	(149,913)	(123,585)
Cáin ar easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí	6	(6,682)	(46,750)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais		(156,595)	(170,335)
Brabús coinnithe tógtha ar aghaidh		3,183,475	3,353,810
Brabús coinnithe iompaithe ar aghaidh		3,026,880	3,183,475

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta seachas an brabús nó caillteanas don dá thréimhse airgeadais thuas. Baineadh toradh na bliana as feidhmiúcháin leantacha amháin.

CLÁR OMHARDAITHE

DON TRÉIMHSE DÁR CHRÍOCH 1ú EANÁIR 2007 – 22ú BEALTAINE 2007

	Nótaí	Tréimhse dar chríoch 22ú Bealtaine 2007	Bliain dar chríoch 31ú Nollaig 2006
		▪	▪
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	7	4,582,435	4,587,666
Infheistíochtaí	8	12,825	12,825
		4,595,260	4,600,491
Sóchmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	9	170,413	75,837
Airgead sa bhanc agus idir lámha		959,417	254,590
		1,129,830	330,427
Creidiúnaithe: méideanna indlite laistigh de bhliain amháin	10	(1,336,876)	(386,109)
Glandliteanais Reatha		(207,046)	(55,682)
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha		4,388,214	4,544,809
Caipiteal agus Culchistí			
Cúlchiste athluachála	11	1,361,334	1,361,334
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	12	3,026,880	3,183,475
Cúlchistí Dúnta	13	4,388,214	4,544,809

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais thuas ar 26ú Feabhra 2008.

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

DON TRÉIMHSE DAR CHRÍOCH 22ú BEALTAINE 2007-31ú NOLLAIG 2007

Is iad seo an chéad sraith de Ráitis Airgeadais iniúctha do Chumann Cógaiseoirí na hÉireann a bunaíodh leis an Acht Cógaisíochta 2007. Rinne ár n-iniúchóirí Anne Brady McQuillans DFK iniúchadh ar na cuntais. Rinneadh fabhruithe i gcuntais 2007 d'obair ata le críochnú i 2008, ba iad na príomhchinn ná na costais a bhaineann le bunachar sonraí clárúcháin nua a fhorbairt agus modheolaíocht um tháillí clárúcháin a fhorbairt.

Léiríonn na cuntais feidhmíocht shásúil sa tréimhse agus easnamh ▪ 51,594 tar éis dímheasa agus cánachais. Ba é an brabús coinnithe ag deireadh na bliana ná ▪ 2,975,286 agus ba iad na cistí dúnta ná ▪ 4,336,620.

Tuairiscíonn na hiniúchóirí go bhfuair siad an t-eolas go léir a bhí riachtanach chun críocha iniúctha agus gur choimeád an PSI leabhair chearta cuntais.

FORBHREATHNÚ 2007

Léiríonn cuntais 2007 don sean-PSI go dtí 22ú Bealtaine 2007 agus don PSI nuabhunaithe ón dáta sin na torthaí seo a leanas:

	Sean-PSI	PSI	Iomlán
Easnamh roimh chánachas	(149,913)	(12,479)	(162,392)
Cánachas	6,682	39,115 4	45,797
Brabús i ndiaidh cánachais	(156,595)	(51,594)	(208,189)

Agus na dúshláin iomaí a bhí os comhair an dá eagraíochta i rith na bliana agus atá leagtha amach sa tuarascáil seo á dtógáil san áireamh toradh airgeadais sásúil don bhliain atá anse

TUARASCÁIL N A N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHAIRLE AN PSI

DON TRÉIMHSE 22ú BEALTAINE 2007 – 31ú NOLLAIG 2007

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais do Chumann Cógaiseoirí na hÉireann don tréimhse dar chríoch 22ú Bealtaine 2007 atá chomhdhéanta den chuntas ioncaim agus caiteachais, den chlár comhardaithe agus nótaí bainteacha. Réitíodh na ráitis airgeadais seo faoin gcoinbhinsiún stairiúil ar chostas agus faoi bheartais chuntasaíochta. (Ráitis iomlána cuntais ar fáil ón PSI).

Déantar an tuarascáil seo chuig an gComhairle amháin, mar Chomhlacht de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cuntasaíochta 2007 agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na ceisteanna úd nach mór dúinn a shonrú don PSI i dtuarascáil iniúchóra a shonrú dóibh agus níor réitíodh é le haghaidh aon chuspóra eile. Ní ghlacaimid freagracht, a mhéid agus a thugtar cead dúinn ag an dlí, d'aon duine eile seachas an PSI agus baill an PSI mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as ár dtuairim.

Freagrachtaí na Comhairle agus na n-Iniúchóirí faoi Seach

Tá freagrachtaí na Comhairle as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a réitiú de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cógaisíochta agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a chuir Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn chun cinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Tá freagracht orainn as iniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlíthiúil agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirináisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe)

Tugaimid duit ár dtuairim an dtugtar léargas fíor aguscothrom sna ráitis agus an bhfuil siad réitithe i gceart de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cógaisíochta 2007 agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Freisin tugaimid tuairisc duit ar ár dtuairim maidir leis na ceisteanna seo a leanas: ar choimeád an PSI leabhair chearta cuntais; agus an réitíonn an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Comhairle leis na ráitis airgeadais. Ina theannta, sonraímid an bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a theastaíonn chun críocha ár n-iniúctha agus an réitíonn clár comhardaithe agus a chuntas ioncaim agus caiteachais leis na leabhair chuntais.Tugaimid tuairisc don Chomhairle má mheasaimid nach dtugtar aon eolas atá sonraithe ag an Acht Cógaisíochta 2007 maidir le híocaíocht ball Comhairle nó idirbhearta ball Comhairle, agus áit ar féidir, áirímid an t-eolas sin inár dtuarascáil

Léimid an t-eolas eile sa tuarascáil agus measaimid an réitíonn sé leis na ráitis airgeadais iniúctha. Níl san eolas eile sin ach Tuarascáil na Comhairle. Déanaimid na himpleáchtaí dár gcuid tuarascála a mheas má fhaighimid eolas ar aon mhíráitis soiléire nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Nílimid freagrachas aon eolas eile

Bunús Tuairime Iniúctha

Rinneamhar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirináisiúnta um Iniúchóireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhunús tastála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais mhóra a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á réitiú aici, agus an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an PSI, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtar go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach le fianaise dhóthanach a chur ar fáil dúinn le dearbhú réasúnta a thabhairt dúinn go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh go raibh calaois nó mírialtacht nó earráid eile freagrach as. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim rinneamar luacháil freisin ar dhóthanacht chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais ar an iomlán.

Tuairim

Is é ár dtuairim ná go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais ar staid ghnóthaí an PSI ar 22ú Bealtaine 2007 agus ar a thoradh don tréimhse a chríochnaigh ansin agus gur réitíodh iad i gceart de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Chógaisíochta 2007 agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúctha. Is é ár dtuairim ná gur choimeád an PSI leabhair chearta cuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte & niúchóirí Cláraithe
Cúirt Iveagh, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

THE PHARMACY REGULATOR

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON TRÉIMHSE DAR CHRÍOCH 22ú BEALTAINE 2007 – 31ú NOLLAIG 2007

	Nótaí	Tréimhse dar chríoch 31ú Nollaig 2007 €	Tréimhse dar chríoch 22ú Bealtaine 2007 €
Ioncaim	2	2,096,762	755,265
Costais Dhíreacha		(66,586)	(2,200)
Ollbharrachas		2,030,176	753,065
Costais Riaracháin		(2,042,655)	(902,978)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	3	(12,479)	(149,913)
Cáin ar easnamh ar Ghnáthghníomhaíochtaí	6	(39,115)	(6,682)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais		(51,594)	(156,595)
Brabús coinnithe tógtha ar aghaidh		3,026,880	3,183,475
Brabús coinntihe iompaithe ar aghaidh		2,975,286	3,026,880

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta seachas an brabús nó caillteanas don dá thréimhse airgeadais thuas. Baineadh an toradh don bhliain as feidhmiúcháin leantacha amháin.

CLÁR COMHARDAITHE
DON TRÉIMHSE DÁR CHRÍOCH 22ú BEALTAINE 2007 – 31ú NOLLAIG 2007

	Nótaí	Tréimhse dar chríoch 31ú Nollaig 2007 €	Tréimhse dar chríoch 22ú Bealtaine 2007 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	4,613,862	4,582,435
Infheistíochtaí	8	1	12,825
		4,613,863	4,595,260
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	9	178,781	170,413
Airgead sa bhanc agus idir lámha		96,407	959,417
		275,188	1,129,830
Creidiúnaithe: méideanna indlite laistigh de bhliain amháin	10	(552,431)	(1,336,876)
Glandliteanais Reatha		(277,243)	(207,046)
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha		4,336,620	4,388,214
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cúlchiste athluachála	11	1,361,334	1,361,334
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	12	2,975,286	3,026,880
Cúlchistí Dúnta	13	4,336,620	4,388,214

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar 26ú Feabhra 2008.

NÓTAÍ

CUMANN CÓGAISEOIRÍ
NA hÉIREANN
AN RIALAITHEOIR CÓGAISÍOCHTA

18 Bóthar Shrewsbury,
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, Éire.
T: +353 1 2184000
F: +353 1 2837678
r-phost: info@pharmaceuticalsociety.ie
láithreán gréasáin : www.pharmaceuticalsociety.ie